



# Slí

Eagrán 2- Nollaig 2021

*NOLLAIG SHONA DÍBH GO LÉIR*

*Is Nuachtlitir arlíne é 'Slí' ag cur síos ar agus ag tuairisciú ar chúrsaí ar díol-spéise iad d'áitritheoirí na nOileán thimpeall ár gcósta.*

## San Eagrán seo:

- Deiseanna Maoinithe atá ar fáil faoi láthair
- Sracfhéachaint ar thionchar an chlár LEADER ar thogra ar Oileán Thoraigh
- Eolas maidir le Eagraíocht Acmhainní Mara Oileáin na hÉireann (IIMRO)
- Slí Bheara-Bhreifne
- Cén tionchar atá ag SICAP ar shaol dhaoine ar na hoileáin
- Preas Ráiteas maidir le lánseáil an Fhíseáin – 'Escape Overseas to the Islands'
- Smaoinigh sula mbuaileann tú le daoine
- Ciste Acmhainne Oidhreachta 2022



An Roinn Forbartha  
Tuaithe agus Pobail  
Department of Rural and  
Community Development

Ár dTodhchaí  
Tuaithe  
Our Rural  
Future



# Deiseanna Maoinithe Go luath i mí Eanáir 2022

## Ciste Gníomhaíochtaí Pobail

Tugann seoladh an Chiste Gníomhaíochtaí Pobail deis do ghrúpaí pobail ar fud na hÉireann, go háirithe iad siúd i gceantair faoi mhíbhuntáiste (i) lena gcostais reatha neamhphá mar shampla billí fónais (costais leictreachais, muirir bruscair, muirir téasa) nó costais neamhphá eile a bhaineann le ionaid a rith m.sh costais oibriúcháin mar shampla costais cíosa / léasa, billí árachais. AGUS (ii) Beidh grúpaí in ann an maoiniú a úsáid chun deisiúcháin agus feabhsúcháin riachtanacha a dhéanamh ar a gcuid saoráidí, trealamh a cheannach mar bhoird agus cathaoireacha, uirlisí agus comharthaíocht, ríomhairí glúine agus printéirí, lomairí féir, ceannbhrait agus trealamh oiliúna srl. Tá an Roinn ag rá nach bhfuil **ach** costais oibriúcháin / reatha a bhaineann leis an tréimhse seo incháilithe - 1 Iúil 2021 go 30 Meitheamh 2022.

Tá sé annamh agus neamhghnách go mbeadh maoiniú ar fáil le haghaidh costais oibriúcháin, agus aithníonn an ciste seo an cailteanas ioncaim a d'fhéadfadh a bheith ag dul i bhfeidhm ar ghrúpaí mar thoradh ar Covid 19. Déanfar é a riaradh trí na Coistí Forbartha Pobail Áitiúla i ngach contae, agus beidh Comhar na nOileán ag fógart na dátaí deiridh chun cur isteach ar na deontaisí ar ár leathanaigh 'sna meáin shóisialta. Beidh gach Coiste Forbartha Áitiúil agus Pobail ag socrú a ndáta deiridh féin d'iarratais. I gcás Co. na Gaillimhe is é an 28ú Eanáir 2022 atá i gceist.

### **LEADER Clár Idirthréimhseach**

**Ná déan dearmad go bhfuil maoiniú Leader fós ar fáil chun tacú le gnólachtaí tuaithe agus le tionscadail phobail.**

**Labhair le duine dár bhfoireann a thabharfaidh tacaíocht duine le duine inniu.**

**Tá maoiniú teoranta. Chun treoir agus cúnamh a fháil le d'iarratas glaoigh ar 099 75096 nó seol ríomhphost chuig [fios@oileain.ie](mailto:fios@oileain.ie) Tá an Clár Idirthréimhseach LEADER maoinithe ag an DRCD.**



An Roinn Forbartha  
Tuaithe agus Pobail  
Department of Rural and  
Community Development

Ár dTodhchaí  
Tuaithe  
Our Rural  
Future



The European Agricultural Fund  
for Rural Development:  
Europe investing in rural areas

# Sracfhéachaint ar thionchar an chlár LEADER ar thogra ar Oileán Thoraigh

*Sna míonna beaga amach romhainn, táimid ag roghnú tionscadail éagsúla, idir príobháideach agus pobail, a bhfuil tionchar dearfach acu ar na hOileáin ar a bhfuil siad lonnaithe. San eagrán seo, féachaimid ar thionscadal ar Oileán Thoraí. Ba chóir a mheabhrú freisin go ndéanann na tionscnóirí féin cistí suntasacha a infheistiú sna tionscadail seo agus go nglacann siad rioscaí suntasacha lena gcistí féin, cé go mbíonn an margadh scrúdaithe agus pleananna gnó reitithe acu. San eagrán seo féachaimid ar thionscadal atá suite ar Oileán Thoraí, Co. Dhún na nGall.*

## Slí Mara Teoranta, Oileán Thoraigh.



Tá Séamus Mac Ruaidhrí agus a bhean Jacqui ag rith siopa, seirbhís an posta agus árasáin ar cíos ar Oileán Thoraí le blianta fada. Tá sé contráilte i ndaire gnó a thabhairt ar mar is bunsheirbhísí riachtanacha pobail atá a chur ar fáil acu. Níl ann ach go gcothaíonn na seirbhísí Séamus agus a theaghlach ar oileán nach bhfuil ar ach 117 cloigeann. Sé an t-aon áit ar oileán Thoraí é ina féidir leat pionta bainne a fháil, mála guail a cheannacht nó fiú cupán tae don taistealaí ar oileán ar féidir leis a bheith scoite amach gan seirbhís farantóireachta, de bharr doineann, suas le 40 lá in aghaidh na bliana. Aonduine a bhfuil aithne acu ar Shéamus agus Jacqui, tá aithne acu ar a gcuid flathiúlachta agus chomh obligeach is atá siad. Fritheadh maoiniú do bhád sa gcaoi go mbeidh Séamus in ann seirbhís eile a chur lena ghnó turasóireachta agus daoine a thabhairt amach ag iascaireacht slaite, turais treoiraithe thimpeall an oileán agus in amanna ina bhfuil géarchéim duine a thabhairt amach ar an mórhír nuair nach bhfuil an bád fanantóireacht in ann taisteal. Sin a tharla le gairid dár nOifigeach Tionscadail Joe Ó Curraoin, nuair a sainíodh ar an oileán é ag an droch aimsir. Thug an sár-bhádóir Séamus amach é go slán sábhailte thríd sunda scoite Thoraigh. Ní amháin go n-úsaidtear an bád do chúrsaí turasóireachta ach tá sé ar fáil do thurais trócaireachta freisin agus chun soláthairtí riachtanach a thabhairt isteach in am an ghátair ar an oileán. Ba pribhléid é a bheith in ann oibriú le Seamus agus Jacqui agus réimse eile a chur lena ngnó agus Slí Mara Teoranta a fhorbairt acu. Taispeáineann sé seo an chaoi a bhfuil tograí LEADER in ann an saol a fheabhsú go heacnamúil agus go sóisialta ní amháin don tionscnóir ach don mór-phobal ar a bhfuil siad lonnaithe.



## EAGRAÍOCHT ACMHAINNÍ MARA ISLANDS EILE (IIMRO)

Bunaithe i 2014, is grúpa ionadaíoch agus comharchumann é IIMRO le baill ó na hoileán i nDún na nGall, Maigh Eo, Gaillimh agus Corcaigh. Bunaíodh é chun go mbeadh ionadaíocht ag oileánaigh maidir leis an iliomad dúshláin atá ós comhair tionscail na hiascaireachta agus mara ar na hoileáin. Tá an t-iascaireacht lárnach i gcothabháil pobail na n-oileán, agus lárnach sa ngeilleagair áitiúil, fostaíocht shéasúrach, turasóireacht, na seirbhísí tarrthála, chomh maith lenár n-oidhreacht chultúrtha. Aithníodh IIMRO mar Eagraíocht Táirgeoirí i mBealtaine na bliana seo, agus ó shin i leith tá na baill ag obair chun plean táirgíochta agus margaíochta trí bliana a fhorbairt. Cheadaigh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara an plean le déanaí agus éascóidh sé roinnt tionscnaimh a rachaidh chun leasa na mball agus pobal na noileán i gcoitinne.

Tá súil go bhfeabhsóidh an pragheas a fhaightear ar iasc, cúrsaí infreastruchtúir, margaíocht, iascairí nua a spreagadh, ról na mban san iascach a aithint chomh maith le cláir oiliúna agus réimsí eile.

Tugann aitheantas mar Eagraíocht Táirgeoirí ionadaíocht IIMRO ar choistí comhairliúcháin éagsúla cosúil le Coiste Comhairleach um Bainistíocht Cuóta, Tascfhórsa Bia Mara Brexit, coiste monatóireachta EMFF agus eagraíochtaí eile ina leantar ag ardú saincheistanna a bhaineann leis na hoileáin agus ina ndéatar moltaí éagsúla. Oibríonn IIMRO i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí eile ar nós grúpaí forbartha áitiúla, Comhdháil Oileán na hÉireann, Comhar na nOileán, Cónaidhm Eorpach na nOileán Beag (ESIN) agus Iascairí Beaga na hEorpa (LIFE) chun feachtas a mhúscailt ar shaincheistanna go náisiúnta agus ag leibhéal an AE. Tá athruithe móra beartaithe don réimse muirí i rith na

bliana seo chugainn a mbeidh tionchar acu ar feadh blianta fada le teacht. Ina measc seo tá na tograí do limistéar cosanta muirí, forbairtí fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta, creatlach treorach na straitéise mara agus plean spásúlachta mara. Beidh guth eolasach agus aontaithe ó na hoileáin níos tábhachtaí ná riamh.

Le tuilleadh a fháil amach faoi obair IIMRO téigh chuig [www.iimro.org](http://www.iimro.org)



# Slí Beara Breifne

## Seo Tús leis an Turas!


Chun tuilleadh eolais a fháil féach ar [www.bearabreifneway.ie](http://www.bearabreifneway.ie)

### Part 1: Beara-Breifne Way

1. The Beara Way
2. Slí Gaeltacht Mhuscraí
3. North West Cork Way
4. Ballyhoura Way
5. Multeen Way
6. Ormond Way
7. Hymany Way
8. Suck Valley Way
9. Lung/Lough Gara Way
10. Miner's Way
11. Under Development
12. Cavan Way

### Part 2: The Ulster Way

13. Big Dog Way
14. Link Section
15. South Sperrins Way
16. Glenelly Valley Way
17. Central Sperrins Way
18. North Sperrins Way
19. Link Section
20. Causeway Coast Way



Is siúlbealach 500km é Slí Beara Breifne ó bhun Leithinis Bheara ag Oileán Bhaoi i gCo. Chorcaí go Blaic i gContae an Chabháin. Leanann an bealach líne mháirseála Ó Súilleabháin Beara san 17ú haois, an taoiseach mór deireanach a bhí i gceantar Iarthar Chorcaí agus Chiarraí Theas. Ritheann an slí trí chontaetha Chorcaí, Chiarraí, Luimnigh, Thiobraid Árann, Uíbh Fhailí, na Gaillimhe, Ros Comáin, Shligigh, Liatroma agus an Chabháin.

Ghníomhaigh Comhar na nOileán mar chomhpháirtí maoinithe agus riarachána d'fhorbairt Bhealach Beara Breifne. Mar chuid den obair seo, rinneadh próiseas tairisceana chun cuideachta a cheapadh chun tabhairt faoi na hoibreacha riachtanacha. Bronnadh an Conradh seo ar Signiatec Ltd. agus ceapadh Jim O Sullivan i ról Chléireach na nOibreacha.

Is éard a bhí i gceist leis na hoibreacha ná uasghrádú a dhéanamh ar na bealaí seanbhunaithe, siúlóidí eile a leathnú agus a chríochnú agus nascanna a fhorbairt idir bealaí seanbhunaithe éagsúla eile ar an mbealach. Roimhe seo, ní raibh cuid mhaith den slí forbraithe agus chaill cuid eile a stádas mar Slí siúlóide mar gheall ar easpa cothabhála. Rinneadh an obair seo i gcomhar leis na Comhairlí Contaetha, Grúpaí Pobail agus úinéirí talúna.

Forbraíodh pas-leabhar agus stampaí mar chuid den tionscadal seo freisin. Ligeann sé seo d'úsáideoirí na gcosáin a ndul chun cinn a thaifeadh / dhoiciméadú ar an mbealach agus iad ag críochnú céimeanna éagsúla den siúlbealach.

Tá margáiocht iomlán an chosáin le tarlú go fóill agus tá súil le tuilleadh forbartha ar an siúlbealach sna blianta amach romhainn.



# Cén tionchar atá ag SICAP ar shaol dhaoine ar na hoileáin

## Cuidiú le Sriantha Digiteacha

Mar thoradh ar an bpaindéim Covid-19 is léir nach raibh teacht ag roinnt oileánaigh ar na cruu-earraí riachtanacha a theastaigh chun fanacht i dteagmháil le cairde agus le teaghlaigh nó dul i mbun gníomhaíochtaí oideachais agus sóisialta. Le cabhair óna pobail áitiúla, bhíomar in ann daoine a shainathint a bhainfeadh leas mór as fáil a bheith acu ar na cruu-earraí seo. Trí Scéim Iasachta Ábhar a fhorbairt, d'úsáidamar cistí SICAP chun 12 fóin Acorn a bhfuil fáil acu ar an idirlíon a cheannach. Tá na Acorns seo ar iasacht faoi láthair do bhaill den phobal atá scoite amach go digiteach ar fud seacht nOileán Iarthar Chorcaí.



Mar thoradh ar ár dtaighde féin, chonaicamar deis an scéim seo a leathnú. Le go leor oileánaigh ag obair ón mbaile anois, agus leanaí ag freastal ar ranganna ar líne, ba léir nach mbeadh líon oiriúnach ríomhairí ag go leor teaghlach chun freastal ar a gcuid riachtanaisí.

Tapaíomar an deis iarratas a dhéanamh chuig an gCiste Maolaithe in aghaidh Míbhuntáiste Oideachais trí ETB Iarthar Chorcaí go déanach i 2020 chun maoiniú a fháil do 12 ríomhaire glúine a d'fhéadfaí a thabhairt ar iasacht do bhaill an phobail. Tá na ríomhairí glúine seo ar iasacht ar fud seacht nOileán in Iarthar Chorcaí. Faoi láthair tá siad ag tacú le daoine óga freastal ar choláiste, mic léinn meánscoile, foghlaimeoirí fásta agus cuidiú le hoileánaigh a gcuid oibre a dhéanamh agus fanacht nasctha le daoine eile. Táimid ag leathnú ár scéim iasachtaí i mbliana chun tacaíocht dhigiteach a chur ar fáil do dhá ghrúpa pobail. Beidh muid ag tacú le Cumann Forbartha Oileán Faoide le ríomhairí chun go mbeidh an pobal in ann freastal ar chúrsaí oiliúna, agus beidh Grúpa Urraíochta Pobail Chléire ag tairiscint tacaíochta do theaghlach dídeanaithe chun cabhrú leo lena riachtanais oideachais agus teanga chomh maith le haon chúnamh riachtanach eile. Seo ceann de go leor samplaí de thacaíochtaí díreacha do dhaoine aonair agus do phobail a dhéanann difríocht inláimhsithe i saol daoine.



Ireland's European Structural and Investment Funds Programmes 2014-2020

Co-funded by the Irish Government and the European Union



EUROPEAN UNION

Investing in your future  
European Social Fund



Rialtas  
na hÉireann  
Government  
of Ireland

Tionscadal Éireann  
Project Ireland  
**2040**

# Éalaigh “THAR SÁILE” chuig oileáin amach ó chósta na hÉireann

Seo thíos an Preasráiteas chun ár bhFiseán bolscaireachta faoi oileáin na hÉireann a lainseáil.

An bhfuil tú ag brionglóid faoi thuras thar lear i 2022? An bhfuil do chroí ag tnúth le do scíth a thógáil, tránna glana le gaineamh órga, suaimhneas, uisce gorm gile, cóstaí fiáin, tírdhreacha maorga, agus dul faoi na gréine ghlórmhara? B’fhéidir gur amhlaigh is fearr leat ag spaisteoireacht ar shiúilóidí áille thríd an dúlra speisialta sula stopann tú ag an gcaifé áitiúil le haghaidh caife suaimhneach?

Bhuel, is féidir leat é seo agus níos mó ná sin a bheith agat sa bhaile in Éirinn ar ár n-oileáin atá scaipthe fud-fad Bhealach mhaorga an Atlantaigh Fhiáin a shíneann ó Dhún na nGall san Iarthuaisceart, chomh fada ó dheas le cósta Chorcaí.



Bí linn don ghearrscannán bolscaireachta seo a leagann béim ar an réimse leathan gníomhaíochtaí agus áiseanna lasmuigh atá ar fáil ar na hoileáin, iad uile suite i measc radharcanna iontacha. An áit, na daoine, an fháilte, an cultúr agus, ar ndóigh, an chraic. Tá sraith d’oileáin iontacha in Éirinn atá breactha thimpeall an chósta, gach ceann acu a bhfuil a bhféiniúlacht uathúil féin acu atá go h-iomlán difriúil ón mórthír. Tar éis cuairt ar na hoileáin, mothóidh tú i bhfad ó thrioblóidí na mórthíre. Tá réimse mór gníomhaíochtaí ar fáil a oireann do chách, dóibh siúd atá ag éalú a thóir eactraíochta agus iad siúd a bhfuil sos agus scíth uatha. Tá spleodar agus pléisiúr ar fáil cibé an dreapadh carraigeacha atá uait nó suaimhneas na mara agus tú ag cadhcáil in áilleacht na maidne. Béidir gur Ióga ar an trá atá uait agus tú ag

éisteacht le fuaim na farraige ag éirí na gréine agus tú ag fágáil strus an tsaoil i do dhiaidh. Agus níl sé seo ar fad ach turas gairid farantóireachta uait.

Féach ar an réimse leathan gníomhaíochtaí lasmuigh atá ar fáil lena n-áirítear siúl, rotháíocht, spóirt uisce, faire éin, dreapadóireacht agus éalú iomlán thar lear chuig na hoileáin. Tabharfaidh an scannán bolscaireachta seo léargas uathúil duit ar phobail na n-oileán. Insíonn na radharcanna áille a scéal féin, agus tugtar léargas fíreannach duit ar phobail na noileán. Is léiriú beoga é ar a bhfuil ar fáil ar na hoileáin faoi láthair chun cuairteoirí a mhealladh ó gach cearn d’Éirinn, agus níos faide i gcéin.



Ba í an léiritheoir faisnéise Helena Gallagher a bhuaigh duaiseanna a stiúraigh an scannán fógraíochta. Tá taithí fhairsing ag Helena mar léiritheoir agus tá sí cumasach ag deileáil le rannpháitithe. Is as oileán í féin, agus tugann a paisean agus a léargas ar a a bhfuil le fáil ar na hoileáin údar macnaimh dúinn agus taispeántar don chuariteoir an réimse leathéan gníomhaíochtaí. Ó spóirt uisce, rotháíocht agus fánaíocht go scíth a ligean agus léirtheiscint ar an dúlra taispeánfaimid go bhfuil rud éigin ag na hoileáin amach ón gcósta do gach duine a bhfuil eispéireas speisialta uatha.

*Tá an tionscadal seo maoinithe ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, ORIS, Comhar na nOileán, Comhdháil Oileáin na hÉireann agus na seirbhísí aeir agus farantóireachta a chuidigh leis an maoiniú.*



Tionscnamh de chuid Rialtas na hÉireann

# SMAOINIGH

sula mbuaileann tú le daoine.  
Baol, Comharthaí, Ionad, Daoine.

Cuir na ceisteanna ar chúl an leathanaigh ort féin agus déan an méid baoil a bheadh i gceist duit a mheas, nó téigh chuig [gov.ie/riskaware](http://gov.ie/riskaware)

**#BeRiskAware**



**Rialtas na hÉireann**  
**Government of Ireland**



## BAOL

---

**An bhfuil cosaint iomlán na vacsaíne / teanndáileog faighte agam?**

Tugann an vacsaín cosaint mhaith i gcoinne tinneas trom agus seal san ospidéal agus laghdaíonn an baol duitse agus do dhaoine eile.

**An bhfuil mé níos leochailí ná daoine eile?**

Tá baol níos airde ag baint le gníomhaíochtaí ina mbeidh tú ag bualadh le daoine eile agus mar sin, ní mór duit céimeanna a ghlacadh chun tú féin a chosaint.

**An mbeidh mé ann níos faide ná 2 uair an chloig?**

Dá ghiorra fad na gníomhaíochta, is ea is lú an baol.

**An mbeidh an t-imeacht ar siúl taobh istigh?**

Tá níos mó baol ag baint le gníomhaíochtaí taobh istigh ná gníomhaíochtaí taobh amuigh.

**Más rud é go mbeidh an gníomhaíocht ar siúl taobh istigh, an mbeidh aeráil leordhóthanach ann?**

Lig isteach an t-aer úr chun an baol go bhfaighidh tú COVID-19 a laghdú.

## COMHARTHAÍ

---

**An bhfuil comharthaí orm a bhféadfaí iad a chur i gcosúlacht le comharthaí COVID-19?**

Má tá comharthaí ar bith ort, ba cheart duit fanacht sa bhaile agus tástáil PCR a shocrú - ná téigh amach.

**An bhfuil comharthaí ar dhuine ar bith a bhfuil mé ag bualadh leo a bhféadfaí iad a chur i gcosúlacht le comharthaí COVID-19?**

Ná bíodh drogall ort a fhiafraí do dhaoine a bhfuil tú ag bualadh leo an bhfuil comharthaí orthu, agus má tá, comhairligh dóibh fanacht sa bhaile agus tástáil PCR a chur in áirithe.

## IONAD

---

**An bhfuil mé ábalta fanacht achar sábháilte amach ó dhaoine eile?**

Trí fhanacht amach ó dhaoine eile, is féidir leat an baol duitse a laghdú - tabhair ar aird go bhféadfadh sin a bheith níos deacra i roinnt áiteanna.

**An mbeidh slua mór san ionad?**

Trí áiteanna plódaithe a sheachaint, laghdófar an baol a bhaineann le gníomhaíocht.

**An gcuirfidh mé/muid masc orm/orainn?**

Laghdóidh masc a bheith ort an baol do gach duine.

**An áitreabh é seo a bhfuil bainistíocht mhaith á déanamh air?**

Mura bhfuil ionad ag leanúint treoír sláinte poiblí, lena n-áirítear do phas vacsaínithe a sheiceáil, d'fhéadfadh baol níos airde a bheith i gceist. Ba chóir duit dul chuig ionad éigin eile.

## DAOINE

---

**Cá mhéad duine a bhfuilim ag bualadh leo?**

Dá mhó daoine a mbuaileann tú leo, is ea is mó an baol.

**Cá mhéad teaghlach atá ag teacht le chéile?**

Is lú an baol a bhaineann le teacht le chéile le do theaghlach féin. Dá mhó teaghlach a dtagann tú le chéile leo, is ea is mó an baol.

**An bhfuil mé ag bualadh le daoine leochaileacha?**

Ba chóir a bheith cúramach ach go háirithe má bhíonn tú ag bualadh le daoine leochaileacha. Ba chóir duit céimeanna a ghlacadh le hiad a chosaint amhail masc a chaitheamh nó tástáil antaigine a dhéanamh sula mbuaileann tú leo.

**An bhfuil cosaint iomlán na vacsaíne / teanndáileog faighte ag na daoine a mbeidh mé ag bualadh leo?**

Tugann an vacsaín cosaint mhaith i gcoinne tinneas trom agus seal san ospidéal agus laghdaíonn an baol duitse agus do dhaoine eile.

# Ciste um Acmhainn Oidhreachta 2022

An Chomhairle Oidhreachta  
The Heritage Council



Tacú le heagraíochtaí neamhbhrabúis, eagraíocht neamhrialtasach a dhíríonn ar chúrsaí oidhreachta, a bhfuil ábharthacht náisiúnta léirithe acu.

## Cuspóirí na scéime

Tá sé mar aidhm ag Ciste um Acmhainn Oidhreachta 2022 acmhainn eagraíochtaí, a bhfuil ábharthacht náisiúnta léirithe acu, agus a bhíonn ag obair san earnáil oidhreachta trí mhaoiniú a sholáthar maidir lena gcostais lárnacha:

- acmhainn a thógáil in earnáil na hoidhreachta trí na scileanna, na próisis agus na hacmhainní a theastaíonn ó eagraíochtaí oidhreachta a fhorbairt agus a neartú chun go mbeidh siad in ann maireachtáil, iad féin a oiriúnú agus rath a bheith orthu i ndiaidh phaindéim Covid-19.
- tacú le heagraíochtaí oidhreachta a bhfuil ról lárnach acu i mbonneagar oidhreachta na hÉireann agus atá rithábhachtach ó thaobh beartas agus pleananna náisiúnta a chur i bhfeidhm.

## Cé atá in ann iarratas a dhéanamh

Eagraíochtaí neamhbhrabúis, eagraíocht neamhrialtasach a bhfuil ábharthacht náisiúnta léirithe acu.

1. Caithfidh baint a bheith ag cuspóir na heagraíochta le ceann de ghnéithe na hoidhreachta a luaitear sna hAchtanna Oidhreachta 1995 - 2018, nó eagraíochtaí atá ag gabháil d'oidhreacht chultúrtha dobhraite a chosaint mar chuid de ghealltanais na hÉireann i leith Choinbhinsiún UNESCO 2003 um Chosaint na hOidhreachta Cultúrtha Dobhraite.
2. A bhfuil ábharthacht náisiúnta léirithe acu - caithfidh an eagraíocht obair a dhéanamh ar scála náisiúnta nó go n-úsáidtear a cuid oibre chun beartais a threorú ar scála náisiúnta.
3. Plean oibre - caithfidh an eagraíocht a bheith ag tabhairt faoi bhearta nuálaíocha ó bheag go meánscála a sholáthraíonn torthaí soiléire a chuidíonn le ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas a chur ar fáil - plean straitéiseach na Comhairle Oidhreachta 2018 -2022; an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht; agus an plean oidhreachta náisiúnta Oidhreachta Éireann 2030 atá á fhorbairt. Scéim Deontais Oidhreachta Pobail.

## Cad is féidir le heagraíochtaí iarratas a dhéanamh fúthu:

- Costais chun cabhrú le heagraíochtaí acmhainn a mhéadú agus tosaíochtaí oidhreachta a bhaint amach ar leibhéal náisiúnta.

Iarrtar ar iarratasóirí plean oibre costáilte a sholáthar do 2022 a chlúdóidh ceann amháin ar a laghad de na rudaí seo a leanas:

1. Pleananna a chuideoidh leo teacht aniar ó thionchar eacnamaíoch na paindéime Covid-19 agus a chuideoidh le heagraíochtaí a bheith níos athléimní ó thaobh cúrsaí airgeadais de.
2. Tionscnaimh a sholáthraíonn tosaíochtaí oidhreachta bunaithe ar chláir atá á reáchtáil ag

eagraíochtaí cheana féin nó chun tionscadail nua a thionscnamh.

## **Cineálacha gníomhartha a d'fhéadfaí a chur san áireamh i bplean oibre do 2022:**

- Gníomhartha a chuireann tábhacht na hoidhreachta in iúl trí obair abhcóideachta.
- Gníomhartha a thacaíonn le himeachtaí comhpháirtíochta agus líonraithe a thugann aghaidh ar dhúshláin agus riachtanais choitianta laistigh den earnáil.
- Oiliúint, comhairle agus tacaíocht phobail a sholáthar chun rochtain ar oidhreacht agus feasacht fúithi a mhéadú.
- Gníomhartha a chuireann cleachtas an chaomhnaithe chun cinn go caighdeán a nglactar leo go hidirnáisiúnta trí fhorbairt ghairmiúil leanúnach, creidiúnú gairmiúil, foilseacháin, ceardlanna oiliúna agus sparánachtaí a sholáthar.
- Bailiú sonraí agus taighde a bhaineann le hoidhreacht na hÉireann ar féidir a úsáid chun beartas agus comhairle sa todhchaí a fhoirmiú. Tástáil agus dul i gcomhairle maidir le gníomhaíochtaí nua a chabhróidh le do shruthanna ioncaim a aisghabháil agus a éagsúlú. Samplaí de chostais incháilithe
- Forchostais bunriachtanacha atá ag teastáil chun do phlean oibre a chur i bhfeidhm. Mar shampla, tuarastail, cíos, rátaí agus árachas ón 1 Márta go dtí an 18 Samhain 2022.
- Institiúidí gairmiúla - sparánachtaí d'oiliúint ghairmiúil nó maoiniú do dhaoine ar leith chun cúrsaí creidiúnaithe FGL ar oidhreacht a sholáthar
- Costais chun cabhrú le d'eagraíocht a bheith níos athléimní sa todhchaí, mar shampla, pleananna gnó a oiriúnú, athbhreithniú a dhéanamh ar bainistíocht riosca agus bealaí nua oibre a phiólótú.
- Costais oiliúna agus forbairt scileanna.

## **Conas iarratas a dhéanamh**

Caithfidh tú iarratas a dhéanamh ar líne ar ár scéim deontais. Is féidir leat iarratas a dhéanamh ón 25 Samhain 2021 trínár suíomh Gréasáin <https://www.heritagecouncil.ie/funding/on-line-grants-system>

Ní ghlacaimid ach le foirmeacha a chuirtear isteach ar líne.

## **Scála ama**

Oscailte le haghaidh iarratais: ón 25 Samhain 2021 go dtí an 11 Eanáir 2022 ag 5.00 i.n.

# Nollaig Mhór Mhaith Díbh go LÉIR agus Ath-bhliain Faoi Mhaise

**Máire Uí Mhaoláin**

POF /CEO, Inis Oírr 099-75096 [maire@oileain.ie](mailto:maire@oileain.ie)

**Marian Uí Chonghaile**

Riarthóir Airgeadais / Financial Administrator, Inis Oírr 099-75096 [marian@oileain.ie](mailto:marian@oileain.ie)

**Máirín Ní Chonghaile**

Riarthóir Oifige / Office Administrator, Inis Oírr 099-75096 [mairin@oileain.ie](mailto:mairin@oileain.ie)

**Mary Lavelle**

Oifigeach Forbartha / Development Officer, Inishbofin 099-75096 ext 101 [mary@oileain.ie](mailto:mary@oileain.ie)

**Joe Ó Curraoin**

Oifigeach Forbartha / Development Officer, Inis Oírr/Na Forbacha 099-75096 ext 100 [joe@oileain.ie](mailto:joe@oileain.ie)

**Jude Gilbert**

Oifigeach Forbartha / Development Officer, Iarthar Chorcaí 099-75096 ext 105 [jude@oileain.ie](mailto:jude@oileain.ie)

**Conor MacThaidhg**

Riarthóir Tograí / Project Administrator 099 75096 [conor@oileain.ie](mailto:conor@oileain.ie)

**Dáithí Ó Briain**

Riarthóir Tograí / Project Administrator 099 75096 [daithi@oileain.ie](mailto:daithi@oileain.ie)

Foilsithe ag / Published by Comhar na nOileán CTR. Inis Oírr, Oileáin Árann, Co. na Gaillimhe, 099 75096

Comhar na nOileán CTR is a Limited Company incorporated under the Companies  
Act 1963 to 2006 No 448764

